Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12848/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0257 (NLE)**

**ENER 551**
**RELEX 1116**
**COWEB 107**
**COEST 646**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 464 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 464 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 464 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2026
COM(2026) 464 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh**

GA GA

## IARSCRÍBHINN

**Cinneadh 2026/xx/MC-EnC maidir le hAitheantas a Thabhairt do Ráthaíochtaí Tionscnaimh arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh san Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh ('an Conradh'), agus go háirithe Airteagail 42(1), 47, pointe (b), agus Airteagail 76, 84 agus 85 de,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn[1], lena n-áirítear mar a ndearnadh í a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh le Cinneadh 2021/14/MC-EnC ón gComhairle Aireachta agus arna leasú le Cinneadh 2022/02/MC-EnC ón gComhairle Aireachta, go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint do na conclúidí ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh an 15 Nollaig 2023 agus an 12 Nollaig 2024 maidir le haitheantas a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh san Aontas Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I measc phríomhchuspóirí an Chonartha, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de, tá creat cobhsaí rialála agus margaidh a chruthú a bheidh in ann infheistíocht i nginiúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhealladh, úsáid fuinnimh in-athnuaite a chothú, na coinníollacha chun fuinneamh a thrádáil sa spás aonair rialála a leagan amach agus an iomaíocht i margaí fuinnimh ar scála geografach níos leithne a fhorbairt agus barainneachtaí scála a shaothrú.

(2) Chun na spriocanna a leagtar síos maidir le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, ní mór do na Páirtithe Conarthacha dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ar a gcríocha.

(3) Trí fhianaise a sholáthar do chustaiméirí deiridh gur táirgeadh cainníocht áirithe leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus gur féidir í a aistriú go neamhspleách ar an leictreachas a táirgeadh, tá luach margaidh ag ráthaíochtaí tionscnaimh is féidir a úsáid chun infheistíochtaí i dtáirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh a thuilleadh.

(4) Le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ('Treoir (AE) 2018/2001'), bunaítear córas chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh idir Ballstáit an Aontais agus ceadaítear é a

[1] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

leathnú chun tríú tíortha a chumhdach ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

(5) Ós rud é go bhfuil Treoir (AE) 2018/2001 oiriúnaithe agus glactha ag an gComhphobal Fuinnimh le Cinneadh 2021/14/MC-EnC ón gComhairle Aireachta ('Treoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001') agus gur páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhphobal Fuinnimh, is iomchuí córas an Aontais chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh a leathnú chun Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a chumhdach a luaithe a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo.

(6) Chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ní mór do na Páirtithe uile na prionsabail chéanna agus na ceanglais dhlíthiúla chéanna a ailíniú agus leanúint dá gcomhlíonadh éifeachtach; Is gá, dá bhrí sin, na coinníollacha a leagan síos ar cheart do gach Páirtí Conarthach iad a chomhlíonadh roimh dheonú an aitheantais agus ina dhiaidh.

(7) Ba cheart nós imeachta a leagan síos maidir leis an measúnú, an próiseas cinnteoireachta i dtaca le haitheantas a thabhairt agus forfheidhmiú rialacha a bhaineann le haitheantas a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite.

~~(8)~~ Chun críoch an Chinnidh seo, chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ní gá fuinneamh a allmhairiú agus a onnmhairiú go díreach idir na Páirtithe Conarthacha agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

(9) Tá an Cinneadh seo gan dochar do na córais faoi seach chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh laistigh den Aontas Eorpach idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh faoi Threoir (AE) 2018/2001 agus laistigh den Chomhphobal Fuinnimh idir Páirtithe Conarthacha faoi Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001.

~~(10)~~ Tá Treoir (AE) 2019/944 maidir leis an Margadh Leictreachais oiriúnaithe agus glactha ag an gComhphobal Fuinnimh le Cinneadh 2021/13/MC-EnC ón gComhairle Aireachta, rud a chuireann oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha an Cinneadh seo a chur chun feidhme agus na hoibleagáidí a eascraíonn as sin a chomhlíonadh. Áirítear leis sin, go háirithe, an ceanglas go mbeidh an fhaisnéis íosta ar an mbille agus san fhaisnéis bhilleála, agus go n-áirítear inti tagairt go ndéantar leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite a nochtadh trí ráthaíochtaí tionscnaimh a úsáid,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

**Ábhar agus raon feidhme**

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun gur féidir le comhlacht inniúil i bPáirtí Conarthach den Chomhphobal Eorpach nó i mBallstát den Aontas Eorpach aitheantas frithpháirteach, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Eorpaigh, a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite.

Airteagal 2

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'Treoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001' Treoir (AE) 2018/2001 mar a ndearnadh í a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh le Cinneadh 2021/14/EnC-MC ón gComhairle Aireachta agus arna leasú le Cinneadh 2022/02/MC-EnC ón gComhairle Aireachta;

(b) ciallaíonn "nochtadh" an fhaisnéis a sholáthraítear i gcomhthéacs na billeála leictreachais chuig custaiméirí deiridh de bhun Airteagal 18(6) de Threoir (AE) 2019/944/AE agus Iarscríbhinn I a ghabhann léi, mar a ndearnadh í a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh le Cinntí 2021/13/MC-EnC agus 2022/03/MC-EnC ón gComhairle Aireachta, agus dá dtagraítear in Airteagal 19(8) de Threoir (AE) 2018/2001;

(c) ciallaíonn "ráthaíocht tionscnaimh" an doiciméad a shainmhínítear le hAirteagal 2 pointe (12) de Threoir (AE) 2018/2001;

(d) ciallaíonn "comhlacht inniúil ainmnithe" comhlacht atá bunaithe i bPáirtí Conarthach nó i mBallstát den Aontas Eorpach agus atá i gceannas ar ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint, a aistriú agus a chur ar ceal go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2018/2001;

(e) ciallaíonn "leictreachas in-athnuaite" leictreachas a tháirgtear ó fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a liostaítear in Airteagal 2 pointe (1) de Threoir (AE) 2018/2001;

(f) ciallaíonn "Treoir (AE) 2018/2001" Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn;

(g) ciallaíonn "sprioc fuinnimh in-athnuaite do 2030" sciar íosta d'fhuinneamh in-athnuaite atá ag Páirtí Conarthach san olltomhaltas deiridh fuinnimh in Airteagal 3(2) de Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001.

Airteagal 3

**Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite**

1. Má mheasann an Coimisiún Eorpach, de bhun Airteagal 9, go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4 go 8 comhlíonta ag Páirtí Conarthach, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil cinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach do ráthaíochtaí tionscnaimh idir an Páirtí Conarthach sin agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh tríd an bPáirtí Conarthach sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Nuair a ghlacfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil cinneadh trí thromlach simplí, ar bhonn an togra ón gCoimisiún Eorpach arna thíolacadh i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh comhlachtaí inniúla, clárlanna agus rannpháirtithe margaidh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh aitheantas do na ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag comhlacht inniúil de chuid Páirtí Chonarthaigh a liostaítear san Iarscríbhinn. Tabharfaidh comhlacht inniúil, clárlanna agus rannpháirtithe margaidh an Pháirtí Chonarthaigh a liostaítear san Iarscríbhinn aitheantas do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh

leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag comhlacht inniúil de chuid Ballstáit den Aontas.

3. Tá na cearta agus na hoibleagáidí faoin Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 10.

Airteagal 4

**Coinníollacha a bhaineann leis an *acquis* communautaire maidir le fuinneamh in-athnuaite**

Léireoidh Páirtí Conarthach:

(a) go bhfuil Treoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001 agus an oibleagáid a spriocanna fuinnimh in-athnuaite do 2030 a bhaint amach suite go hiomlán ina reachtaíocht intíre agus curtha chun feidhme aige. Deimhneoidh an Rúnaíocht cur chun feidhme iomlán ina tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme; agus

(b) go bhfuil sé ag coinneáil suas leis an gconair tháscach chun a spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite do 2030 a bhaint amach, trí bhíthin a tuarascála comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn atá le soláthar de bhun Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2018/1999 an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, mar a ndearna an Chomhairle Aireachta é a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh le Cinneadh 2021/14/MC-EnC agus arna leasú le Cinneadh 2022/02/MC-EnC ón gComhairle Aireachta.

Airteagal 5

**Coinníollacha a bhaineann leis an *acquis* communautaire maidir le leictreachas**

Léireoidh Páirtí Conarthach go bhfuil Treoir (AE) 2019/944 maidir leis an Margadh Leictreachais mar a ndearnadh í a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh go hiomlán trasuite agus curtha chun feidhme aige. Deimhneoidh an Rúnaíocht cur chun feidhme iomlán ina tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme.

Airteagal 6

**Coinníollacha a bhaineann córas ráthaíochtaí tionscnaimh arna bhunú agus arna choinneáil ar bun ag comhlachtaí inniúla náisiúnta**

Léireoidh Páirtí Conarthach go bhfuil comhlacht inniúil bunaithe aige de bhun Airteagal 19 de Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001. Maidir leis an gcomhlacht inniúil:

(a) beidh na hacmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla uile is gá aige chun na cúraimí a shanntar dó de bhun Airteagal 19 den Treoir sin a chomhlíonadh;

(b) beidh sé neamhspleách go feidhmiúil agus go dlíthiúil ar eintitis phríobháideacha, agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí táirgthe/giniúna, trádála agus soláthair, déanfaidh sé cinntí go neamhspleách agus áiritheoidh sé go ngníomhfaidh a fhoireann agus an lucht bainistíochta go neamhspleách ar aon leas margaidh nó ar aon eintiteas príobháideach;

(c) beidh na sásraí inmheánacha iomchuí aige chun a áirithiú go ndéanfar a ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh na gcúraimí a shanntar dó de bhun Airteagal 19 de Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001 go cruinn agus go hiontaofa, agus ar bhealach atá athléimneach ó thaobh calaoise de, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do nósanna imeachta leordhóthanacha Bíodh Aithne agat ar do Chustaiméirí agus measúnaithe le haghaidh shealbhóirí cuntais na clárlainne lena gcuirtear cosc ar shealbhóirí cuntais calaoiseacha, agus a n-áirítear iontu forálacha maidir le coinbhleacht leasa, maidir le hoibleagáidí rúndachta, cód iompair lena n-áirítear iniúchadh éifeachtach trédhearcach, nósanna imeachta chun cásanna mí-iompair agus calaoise a bhrath agus a láimhseáil, agus beidh oifigeach neamhspleách um chomhlíonadh aige a fhoilsíonn tuarascálacha bliantúla ar chomhlíonadh;

(d) beidh sé faoi réir nósanna imeachta éifeachtacha chun sciúradh airgid, cúbláil margaidh agus calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh a chosc agus a bhrath;

(e) áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh gach ráthaíocht tionscnaimh a eiseofar ceanglais Airteagal 19(7) de Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001 agus go ndéanfar bailíochtú iomchuí ar an bhfaisnéis atá inti;

(f) áiritheoidh sé i gcónaí nach n-eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin dar luach 1 MWh i leith gach MWh leictreachais a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, agus nach gcuirfear an MWh céanna leictreachais a ghintear amhlaidh san áireamh ach aon uair amháin chun críoch nochta;

(g) áiritheoidh sé go mbeidh ráthaíochtaí tionscnaimh bailí ar feadh 12 mhí tar éis ghiniúint an MWh ábhartha leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, go rachaidh gach ráthaíocht tionscnaimh nár cuireadh ar ceal in éag 18 mí ar a dhéanaí tar éis ghiniúint an MWh ábhartha leictreachais, agus, chun críoch nochta, go gcuirfidh rannpháirtithe margaidh ráthaíochtaí tionscnaimh ar ceal 6 mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh bhailíocht na ráthaíochta tionscnaimh;

(h) áiritheoidh sé go mbeidh an eisiúint, an t-aistriú agus an cur ar ceal leictreonach inrianaithe, rianaithe agus curtha san áireamh i gcónaí i gcomhréir leis an leagan is déanaí de Chaighdeán Eorpach CEN-EN 16325;

(i) déanfaidh sé comhaontú le soláthraí seirbhíse a chuireann seirbhísí clárlainne leictreonaí ar fáil a shíniú agus a chur chun feidhme agus glacfaidh sé páirt ghníomhach sa chóras réigiúnach arna bhunú faoin gComhphobal Fuinnimh;

(j) beidh an inniúlacht aige aitheantas a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag comhlacht inniúil de chuid gach Ballstáit den Aontas Eorpach agus fógra a thabhairt don Rúnaíocht agus don Choimisiún Eorpach; agus

(k) beidh sé ina chomhalta de Chomhlachas na gComhlachtaí Eisiúna, cloífidh sé leis na measúnuithe tréimhsiúla tráthrialta ábhartha ar mhaithe le cáilíocht agus trédhearcacht a cheanglaítear de bhun na rialacha lena rialaítear ballraíocht i ngrúpa na scéime leictreachais i gComhlachas na gComhlachtaí Eisiúna, roinnfidh sé na measúnuithe sin le Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh agus ligfidh sé do chomhlachtaí inniúla de Bhallstáit eile de chuid an Aontais aiseolas agus ionchur a thabhairt ar mhaithe le foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtais, nó fostóidh sé iniúchóir seachtrach a roghnófar ó chuideachta iniúchóireachta idirnáisiúnta a bhfuil dea-cháil uirthi chun iniúchadh bliantúil seachtrach airgeadais, nós imeachta, feidhmiúlachta, comhlíontachta a dhéanamh ar an gcomhlacht inniúil

náisiúnta atá le cur faoi bhráid na Rúnaíochta agus foilseoidh sé ar a shuíomh gréasáin é. Ar bhonn thorthaí an iniúchta sheachtraigh, foilseoidh an Rúnaíocht tuarascáil ar chomhlíonadh mar chuid dá tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme.

Airteagal 7

**Coinníollacha a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar an gcóras ráthaíochtaí tionscnaimh agus é a chur chun feidhme**

1. Ainmneoidh na Páirtithe Conarthacha comhlachtaí náisiúnta chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar nochtadh ráthaíochtaí tionscnaimh de bhun Airteagal 19(8) de Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001 agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/944 mar a ndearnadh í a oiriúnú agus a ghlacadh sa Chomhphobal Fuinnimh le Cinneadh Uimh. 2021/13/MC-EnC agus Uimh. 2022/03/MC-EnC ón gComhairle Aireachta.

2. Áiritheoidh Páirtí Conarthach comhlíonadh Airteagal 19(10) de Threoir oiriúnaithe (AE) 2018/2001 i dtaca le tuairimí a eiseoidh an Rúnaíocht agus, a mhéid a bheidh na Ballstáit nó a rannpháirtithe margaidh rannpháirteach, le cinntí ón gCoimisiún Eorpach arna nglacadh de bhun Airteagal 19(10) de Threoir (AE) 2018/2001

Airteagal 8

**Coinníollacha a bhaineann le céim phíolótach**

Beidh trí thástáil theicniúla ar a laghad ar aistrithe ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite le comhlacht inniúil de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach curtha i gcrích go rathúil ag comhlachtaí inniúla Páirtí Chonarthaigh sula bhféadfaidh an Páirtí Conarthach sin measúnú ón gCoimisiún a iarraidh de bhun Airteagal 9.

Airteagal 9

**Measúnú ón gCoimisiún Eorpach**

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí Conarthach, déanfaidh an Coimisiún Eorpach, le tacaíocht ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, a mheas cé acu ar chomhlíon nó níor chomhlíon an Páirtí Conarthach sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4 go 8 den Chinneadh seo. Soláthróidh an Páirtí Conarthach fianaise i scríbhinn a léiríonn comhlíonadh na gcoinníollacha don Choimisiún Eorpach agus do Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, in éineacht leis an iarraidh.

2. Laistigh de 6 mhí ón dáta a gheobhaidh an Coimisiún Eorpach iarraidh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh sé an measúnú, le tacaíocht ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh. Chuige sin, soláthróidh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a measúnú tosaigh laistigh de 2 mhí agus cuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh é. Soláthróidh an Coimisiún Eorpach a thuairim laistigh de 4 mhí ón dáta a gheobhaidh sé an tuairim ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh. Seolfar an measúnú nuair a chuirfidh an Páirtí Conarthach iarrthach tacar iomlán fianaise doiciméadaí isteach. D’fhéadfadh fíorú tríú páirtí a bheith i gceist leis an measúnú. Le linn an mheasúnaithe, féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh nó Rúnaíocht an

Chomhphobail Fuinnimh a iarraidh ar an bPáirtí Conarthach soiléiriú breise a sholáthar ionas go mbeidh sé in ann an measúnú a dhéanamh go héifeachtach. Tabharfaidh an Páirtí Conarthach freagra ar an iarraidh ón gCoimisiún Eorpach nó ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh gan mhoill.

3. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse chun measúnú a dhéanamh dá dtagraítear i mír 2 trí chomhaontú frithpháirteach ach ní bheidh sí níos faide ná 9 mí.

4. Beidh réasúnú cuí ag gabháil leis an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach a mheasúnú chuig an Rúnaíocht, a tharchuirfidh chuig an bPáirtí Conarthach iarrthach é.

5. Má tá an measúnú ón gCoimisiún Eorpach dá dtagraítear i mír 4 deimhneach, beidh feidhm ag Airteagal 3(1).

6. Má tá an measúnú ón gCoimisiún Eorpach dá dtagraítear i mír 4 diúltach, soláthróidh an Coimisiún moltaí ábhartha don Pháirtí Conarthach. Féadfaidh an Páirtí Conarthach measúnú nua a iarraidh tráth nach luaithe ná 9 mí ón dáta a gheofar an measúnú.

Airteagal 10

**Bearta coimirce**

1. Féadfaidh Ballstát den Aontas Eorpach nó Páirtí Conarthach, faoi seach, diúltú aitheantas a thabhairt do ráthaíocht tionscnaimh Páirtí Chonarthaigh nó Ballstáit den Aontas Eorpach, faoi seach, i gcás ina bhfuil amhras air, agus bunús maith leis, i dtaobh chruinneas, iontaofacht nó fhírinneacht na ráthaíochta.

Ina theannta sin, féadfaidh Ballstát den Aontas Eorpach diúltú aitheantas a thabhairt do ráthaíocht tionscnaimh Páirtí Chonarthaigh i gcás ina bhfuil eilimintí fianaise ann nach n-áirithítear a thuilleadh go gcomhlíonann Páirtí Conarthach na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 3 go 7 nó go leanann an Páirtí Conarthach de ráthaíocht tionscnaimh Ballstáit den Aontas Eorpach a dhiúltú d'ainneoin na tuairime ón Rúnaíocht arna heisiúint de bhun mhír 3.

2. Má dhiúltaítear ráthaíocht tionscnaimh Páirtí Chonarthaigh, tabharfaidh an Ballstát den Aontas Eorpach is diúltóir fógra don Choimisiún Eorpach agus do Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh faoin diúltú sin agus faoin údar atá leis. Má chinneann an Coimisiún Eorpach, i gcomhairle le Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, nach bhfuil bunús le diúltú an Bhallstáit aitheantas a thabhairt do ráthaíocht tionscnaimh, féadfaidh sé cinneadh a ghlacadh lena gceanglófar ar an mBallstát atá i gceist aitheantas a thabhairt di. Beidh cinntí arna nglacadh ag an gCoimisiún oscailte do leigheasanna atá ar fáil faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

3. Má dhiúltaítear ráthaíocht tionscnaimh Ballstáit den Aontas, tabharfaidh an Páirtí Conarthach is diúltóir fógra do Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh agus don Choimisiún Eorpach faoin diúltú sin agus faoin údar atá leis. Má chinneann Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, nach bhfuil bunús le diúltú an Pháirtí

Chonarthaigh aitheantas a thabhairt do ráthaíocht tionscnaimh Ballstáit den Aontas, féadfaidh sí tuairim a ghlacadh maidir leis an ngá go n-aithneodh an Páirtí Conarthach í.

4. Tá na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 3 gan dochar do na rialacha maidir le réiteach díospóidí a leagtar amach i dTeideal VII den Chonradh.

Airteagal 11

**Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana ar féidir síneadh 5 bliana a chur léi gach uair, mura rud é go gcuireann Páirtí in aghaidh an tsínidh sin, is é sin 2 mhí sula rachaidh sé in éag ar a dhéanaí. Ina theannta sin, déanfaidh an Chomhairle Aireachta athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Chinnidh seo gach uair sula rachaidh sé in éag.

Airteagal 12

**Seolaithe agus teacht i bhfeidhm**

Is chuig na Páirtithe agus na hinstitiúidí faoi Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a dhírítear an Cinneadh seo. Tiocfaidh sé i bhfeidhm tráth a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an 30 Samhain 2026

Thar ceann na Comhairle Aireachta

………………

Uachtaránacht